Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4701

5.8.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 20 Meitheamh 2024 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Fhrainc) – EA v Artemis security SAS**

**(Cás C-367/23** (1)**, Artemis security)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Slándáil agus sláinte oibrithe a chosaint – Eagrú ama oibre – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 9(1)(a) – Oibleagáid sláinte oibrithe oíche a mheasúnú – Sárú na hoibleagáide sin ag an bhfostóir – Ceart chun cúitimh – An gá le díobháil shonrach a shuí)***

(C/2024/4701)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Cour de cassation

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* EA

*Cosantóir:* Artemis security SAS

### An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 9(1)(a) de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir, i gcás ina ndéanann an fostóir sárú ar na forálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme an fhoráil sin de dhlí an Aontais agus lena bhforáiltear go bhfuil oibrithe oíche i dteideal measúnú sláinte saor in aisce sula dtosaíonn siad ina bpost, agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, go mbeidh ceart an oibrí oíche chun cúitimh mar gheall ar an sárú sin faoi réir an choinníll go léireoidh sé gur bhain díobháil thromchúiseach dó mar gheall ar an sárú sin.

---

(1) IO C 321, 11.09.2023.